

Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le geilleagar na Stát Aontaithe, 1945-1989? (2016)

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, d'fhás geilleagar na Stát Aontaithe (SAM) go suntasach agus bhí sé ar an ngeilleagar ba cheannasaí ar domhan. Lig corparáidí agus gnólachtaí saincheadúnais ilnáisiúnta don domhandú agus rinneadh cultúr Mheiriceá a leathnú. Mar sin féin, ní bhíonn in aon rud ach seal agus bhí laigí le feiceáil i ngeilleagar SAM faoi dheireadh na 1960idí. Fuair an rialtas iasachtaí móra agus nuair tháinig na géarchéimeanna ola chun cinn, dúnadh tionscail thraidisiúnta agus theip ar pholasaithe eacnamaíochta. Bhí ar Mheiriceánaigh a gcuid iompair a athrú.

Ba é WWII a spreag an borradh eacnamaíochta. Lig an cogadh do lánfhostaíocht i SAM agus tháinig méadú suntasach ar tháirgiúlacht agus ar fhorbairt. Ní dhearnadh aon rud le bonneagar ná le foirgnimh i SAM. Dá bhrí sin, ní raibh le déanamh ag an rialtas ach táirgeadh na monarchana armála a thiontú go hearraí do thomhaltóirí in 1945/6. Thosaigh borradh tomhaltóra ansin de réir mar a thosaigh daoine ag caitheamh an \$140 billiún a shábháil siad le linn an chogaidh. Leathnaíodh bonn cánach an rialtais ó \$7 mbilliún go \$151 bhilliún idir 1940-1945. Thug sé seo deis don rialtas an geilleagar a spreagadh le caiteachas cosanta ar scála mór agus caiteachas ar scéimeanna oibre poiblí.

Rinneadh infheistíocht mhór sa teicneolaíocht agus sa taighde le linn an chogaidh. Mar thoradh air seo d'fhás roinnt tionscal agus cuireadh tús le tionscail nua. Mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochta in eitleáin, mar shampla, bhí aerlínte idirstáit agus idirnáisiúnta réalaíoch don ghnáthdhuine. Bhain SAM leas freisin as trealamh roicéad Gearmánach, agus as speisialtóirí aisdúichithe mar Werner von Braun. Lig sé seo d'fhorbairt an tionscail spáis agus cruthaíodh 400,000 post. Fuair SNA maoin intleachtúil ón nGearmáin mar chuid den chúiteamh tar éis WWII, agus chruthaigh an mhaoín seo \$20 billiún sa gheilleagar.

Tháinig athrú suntasach ar smaointeoireacht eacnamaíochta sna blianta tar éis an chogaidh. Go traidisiúnta, bhí dearcadh réchúiseach ag SAM ach sna 1930idí, d'athraigh an tUachtarán Roosevelt é seo lena scéim *New Deal* (an Beartas Nua) chun dul i ngleic leis an gcúlú eacnamaíochta. Tar éis an chogaidh, lean Truman air seo lena Bheartas Nua féin. Ba é aidhm an bheartais seo ná dífhostaíocht a choinneáil chomh híseal le 4%. Bhí Truman in ann a thuar go

dtiocfadh fadhbanna chun cinn le díshlógadh míleata ollmhór agus rinne sé iarracht srian a chur leis na fadhbanna seo lena Bhille Gl. Chuir an bille seo oideachas, oiliúint agus deontais éagsúla ar fáil d'iarshaighdiúirí a bhí ag filleadh ón gcogadh, ionas go mbeidís in ann cur leis an ngeilleagar ar bhealach dearfach.

Ghlac an rialtas freisin le teoiric John Maynard Keynes maidir le “priming the pump” (an bealach a réiteach). Rinne siad infheistíochtaí móra poiblí san oideachas, sa leas agus sa chosaint. Sampla suntasach amháin is ea *Highway Act 1956* de chuid Eisenhower. Mhéadaigh infheistíocht phoiblí ar an iomlán ó \$10 mbilliún in 1940 go \$580 billiún in 1980. D'fhás fás eacnamaíoch ag meánráta 3.8% ó 1946 go 1973. Léiríonn sé seo go follasach an tionchar a bhí ag infheistíocht an rialtais ar gheilleagar Mheiriceá.

Bhí borradh i líon na mbreitheanna ina chúis agus ina thoradh ar bhorradh eacnamaíochta na tréimhse seo. Tháinig méadú 50 milliún ar an daonra idir 1940 agus 1946. Chuir rátaí báis laghdaithe, rátaí breithe méadaithe agus inimirce (ar scála níos lú) leis an méadú daonra seo. Cuireadh tús le margaí nua dá bharr. Bhí an 'ghlúin Pepsi' nó déimeagrafach déagóirí ina margadh tábhachtach anois. Mar gheall ar an líon méadaithe páistí, bhí éileamh níos mó ar earraí mar bhréagáin. Bhí ábharachas agus tobcheannach tomhaltóirí lárnach sa ghlúin nua dhóchasach seo agus i Sochaí Mheiriceá ina hiomláine. Chinntigh an daonra ollmhór go bhféadfadh déantúsóirí brath ar mhargadh láidir.

Thosaigh leathnú ilnáisiúnta sa tréimhse seo, rud a d'athraigh ár ngeilleagar domhanda as éadan. Thosaigh sé le cumasc cuideachtaí beaga tar éis an chogaidh, rud a d'fhág go raibh cumhacht ollmhór eacnamaíochta ag cúpla cuideachta sa deireadh, Exxon agus Boeing mar shampla. Sna 1950idí, thosaigh na cuideachtaí seo ag leathnú thar lear. In 1950, rinne corparáidí ilnáisiúnta (CINanna) infheistíocht \$19 billiún thar lear. Cailleadh roinnt post i SAM dá bharr seo. É sin ráite, ba luachmhar an rochtain a thug sé seo do chuideachtaí Meiriceánacha ar mhargaí brabúsacha eachtracha, Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa mar shampla. Chinntigh sé freisin gurbh é dollar SAM a bhí in úsáid mar airgeadra comónta idirnáisiúnta. Coinníodh an chuid ba mhó de na poist ardleibhéil a bhain le hairgeadas, riarachán, chomh maith le taighde agus forbairt i SAM, agus ba mhó na buntáistí a bhain leis seo ná na poist a cailleadh.

Bunaíodh institiúidí domhanda mar an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Banc Domhanda. Rinne na h-institiúidí seo leas do Mheiriceá. Rinneadh domhandú níos éasca níos déanaí a síníodh an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT, GATT i mBéarla) in 1947. Scaoil sé srianta ar iompórtálacha agus thug sé deis do CINanna ó SAM leas a bhaint as margaí brabúsacha eachtracha.

Bhí éifeachtaí forleathana ag an domhandú, gach ceann acu mar thoradh díreach ar leathnú na CINanna seo. Ag deireadh na 1950idí agus na 1960idí, bhí cultúr SAM forleathan. Bhí aithne mhaith ag daoine ar bhrandaí agus ar institiúidí mar Levi's agus Coca Cola. I roinnt tíortha chonacthas go raibh scaipeadh chultúr Mheiriceá diúltach toisc gur bhain sé den chultúr áitiúil. Ar an iomlán, chabhraigh sé seo le réim tionchair SAM a leathnú.

Bhí an éifeacht ba mhó ag an domhandú ar shaoránaigh Mheiriceá iad féin. Idir 1946 agus 1973, tháinig méadú 74% ar an meánioncam teaghlaigh i Meiriceá. Bhí níos mó ioncaim indiúscartha ag gnáthdhaoine ná riamh agus bhí meáin na sochaí saibhre seo ag léiriú íomhánna de shaol idéalach do dhaoine. Tháinig borradh ar thionscal na ngluaisteán de réir mar a éirigh an gluaisteán ina shiombail de shaoirse.

Tháinig bruachbhailte fairsinge chun cinn, agus bhí méadú faoi thionscail an spóirt agus na turasóireachta toisc go raibh níos mó airgid ag daoine le caitheamh ar chaithimh aimsire. I gcás go leor 'WASPanna' (Protastúnaigh Angla-Shacsanacha Gheala), tháinig an aisling Mheiriceánach i gcrích, ach i gcás na mionlach eitneach bhí an chuma air go raibh an aisling seo chomh fada uathu agus a bhí riamh. Ní fhéadfadh rath na 1950í ach na fadhbanna a bhí le teacht chun cinn go luath sna 1960idí agus sna 1970idí a cheilt go sealadach.

Tháinig fadhbanna chun cinn den chéad uair le linn uachtaránacht LBJ. Bhí sé níos deacra air ná mar a cheap sé 'dul i ngleic leis an mbochtanas' trína chlár '*Great Society*' toisc gur ídigh Cogadh Vítneam acmhainní an rialtais go mór mór. Chun iarracht a dhéanamh an méid a gheall sé a chur i gcrích, fuair sé méideanna ollmhóra ar iasacht. D'fhás an t-easnamh feidearálach go gasta, agus tháinig ardú ar an bhfiachas náisiúnta. Faoi dheireadh na 1960idí, bhí deacrachtaí móra eacnamaíocha ag SAM.

In 1973, bhí géarchéim ola dhomhanda ann tar éis an chogaidh Arab-Iosraelach, rud a d'fhág go raibh cúlú eacnamaíochta domhanda ann. Sna Stáit Aontaithe, bhí ardú ar bhoilsciú agus ar dhífhostaíocht, agus thit fíorioncam oibrithe. Dúnadh go leor tionscail thraidisiúnta ach ní raibh na scileanna ag oibrithe le haghaidh poist ardteicneolaíochta nua. Ba chosúil nach raibh an rialtas in ann cabhrú agus d'fhás míshástacht i measc an phobail.

I 1974, rinne Ford iarracht 'whip inflation now' (deireadh a chur le boilsciú) tríd an gcaiteachas a laghdú agus cánacha a ardú, ach níor tháinig borradh faoin ngeilleagar. In 1977, mhéadaigh Carter rátaí úis, ach chuir an dara géarchéim ola in 1979 bac ar a chuid iarrachtaí. Chuir an ghéarchéim seo le marbh-bhoilsciú; meascán d'fhás íseal, boilsciú ard agus dífhostaíocht ard.

Faoin mbliain 1980, bhí cúlú eacnamaíochta olc i SAM. Thug an Poblachtach, Ronald Reagan, polasaí airgeadaíochais isteach. Ghearr sé caiteachas poiblí go mór agus thug sé ciorruithe cánach isteach. De réir mar a thosaigh an geilleagar ag éirí níos láidre, chuir sé ciorruithe cánach i bhfeidhm do dhaoine saibhre agus mhéadaigh sé caiteachas míleata. Mar sin féin, d'ardaigh iasachtaíocht faoina cheannaireacht. Faoi dheireadh a ocht mbliana uachtaránachta, bhí fiachas bailithe ag Reagan a bhí fiachas bailithe aige trí huaire níos measa ná na 39 n-uachtarán roimhe.

Cruthaigh Reagan 100,000 milliúnaí nua gach bliain, ach tháinig laghdú ar ioncam na Meiriceánach bocht. Leathnaíodh an bhearna idir daoine saibhre agus daoine bochta. Go hidirnáisiúnta, tháinig iomaíocht chun cinn de réir mar a bunaíodh bloic eacnamaíocha san Eoraip agus san Áise Thoir Theas. In 1989, níor cruthaíodh poist i SAM ach amháin poist seirbhíse ar phá íseal. Níorbh é SAM an chumhacht cheannasach a tháinig chun cinn tar éis an Dara Cogadh Domhanda a thuilleadh.